energy by nature · harnessed by BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

sa bhaile

le Bord Gáis Energy Supply

- Tá sé sár-éasca Léamh méadair a chur ar fáil!
- Tá an praghas calctha againn, ionas nach mothóidh tú an fuacht
- Feisteoirí Gáis Cláraithe gairmiúlacht agus suaimhneas intinne

BGESAH0408

Ag cur bainistiú foraoiseachta inbhuanaithe agus athchúrsáil chun cinn

Issue 9

Tá sé sár-éasca Léamh

méadair a chur ar fáil!

Cuirfimid sé bhille gáis nádúrtha chugat le linn na bliana. Tá siad seo bunaithe ar trí léamh a tharala maraon le trí léamh measta pleanáilte. I gcás meastacháin phleanáilte, agus i gcás nach féidir linn rochtain d'fháil chun do mhéadar a leámh, déantar an úsáid a mheas bunaithe ar úsáid roimhe sin agus tráth na bliana. Déantar aon athrú is gá nuair a dhéantar an chéad léamh eile. Mura mbíonn tú istigh sa teach nuair a thugtar cuairt ort agus má fhágann léitheoir an mhéadair cárta "Dial-a-read" ina d(h)iaidh, is féidir leat do léamh féin a sheoladh isteach, trí ghlaoch a chur ar an uimhir ghutháin ar an gcárta.

Más rud é nár éirigh le Líonraí Bhord Gáis léamh do mhéadair a dhéanamh, is féidir léamh a sheoladh isteach ar na bealaí seo a leanas:

Suíomh Gréasáin

Logáil isteach ag **www.bordgaisenergysupply.ie** agus gliogáil ar rannóg bhainistiú na gcuntas ar líne agus roghnaigh 'submit reading'. Ach, murar chláraigh tú cheana, bíodh do bhille gáis in aice láimhe agat agus gliogáil ar 'Register'.

Guthán

Cuir glaoch ar ár seirbhís ghutháin uathoibríoch 24 uair a' chloig ar **1850 632 632** agus lean na treoracha gutha.

An bhfuil eochair bosca méadair ag teastáil uait?

Má tá bosca méadair agat, beidh ort eochair méadair a fháil chun é a oscailt agus léamh méadair a dhéanamh. Gheofar é seo trí ghlaoch a chur ar Líonraí Bhord Gáis ar **1850 200 694** agus trí cheann acu a ordú.

Léamh do mhéadair

Bheadh Méadar Digiteach nó Méadar Cárta Diaileanna i do theach agat.

An léamh ón méadair seo ná 5810



Léamh an Mhéadair Dhigitigh

Mar atá sa phictiúr, bíonn áiritheoir diaileanna ann, agus cibé más méadar ceithre dhiail nó cúig dhiail atá agat, beidh ort nóta a ghlacadh de na huimhreacha atá le feiceáil ar na diaileanna dubha, chomh maith le bheith ag léamh ón taobh clé agus an uimhir ar an diail dhearg a fhágáil amach as an áireamh.

An léamh ón méadair seo ná 7479



Méadar Cárta Diaileanna a léamh (cloig)

Má léiríonn do mhéadar sraith diaileanna (cloig), ar nós an phictiúir ar clé, ba cheart duit neamhaird a thabhairt ar an dá dhiail ag an mbarr agus úsáid a bhaint as na ceithre dhiail bheaga ag an mbun, chun do mhéadar a léamh. Nuair a bhíonn léamh do mhéadair á dhéanamh agat, ba cheart duit an diail ar chlé a léamh ar dtús agus bogadh ar aghaidh ar dheis ansin. Léiríonn suíomh an bhioráin ar an diail, léamh an mhéadair. Má tá an biorán idir dhá fhigiúr, bain úsáid as an bhfigiúr atá níos ísle m.sh. má tá sé idir 7 agus 8, bain úsáid as 7. Ach má tá an biorán idir 9 agus 0, bain úsáid as 9.

Tá an praghas calctha againn, ionas nach mothóidh tú an fuacht.

Tá Bord Gáis Energy Supply an-sásta a fhógairt go bhfuil na praghsanna gáis nádúrtha á gcalcadh againn dár gcustaiméirí. Fanfaidh an praghas seo go seasta go dtí Deireadh Fómhair 2008, ar a laghad.

Ciallaíonn an calcadh praghais seo go bhfanfaidh an gás nádúrtha mar an breosla is saoire ar mhaithe le do theach a théamh: 30% níos saoire ná ola téimh baile, 24% níos saoire ná gual agus 20% níos saoire ná leictreachas.* Tá sé go léir mar chuid dár bpolasaí leanúnach an fiúntas airgid is fearr a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Cuireann an calcadh praghsanna seo ar ár gcumas go fóill, fuinneamh a chur ar fáil duit atá éifeachtúil agus barainneach, agus é de chaighdeán nach bhfuil a shárú le fáil.

**Bíonn na comparáidí praghais a luaitear bunaithe ar shuirbhé de phraghsanna breosla (muirir sheasta san áireamh, nuair a bhíonn siad bainteach) a rinneadh ar 5 Márta 2008 agus tiontaíodh é go praghas in aghaidh an kWh le haghaidh gach breosla, agus staidreamh a fuarthas ó SEI ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ábharaíocht fuinnimh na mbreoslaí, á úsáid. Bíonn an t-áireamh bunaithe ar theach ina n-úsáidtear aschur fuinnimh de 13,538kWh in aghaidh na bliana ar mhaithe le téamh.

Feisteoirí Gáis Cláraithe,

gairmiúlacht agus suaimhneas intinne.

Cuireann Bord Gáis béim mhór ar shábháilteacht. Sin an fáth a molaimid go láidir dár gcustaiméirí go léir úsáid a bhaint as feisteoir gáis atá cláraithe, de réir na gCaighdeán Suiteála Éireannach cuí, maidir le seirbhísiú, deisiúcháin nó suiteáil.

Cad is Feisteoir Cláraithe Gáis ann?

Coinníonn Líonraí Bhord Gáis Clár d'Fheisteoirí Gáis, a bhfuil an oiliúint chuí um shábháilteacht suiteála gáis curtha i gcrích acu agus a bhfuil an clúdach árachais riachtanach acu chun suiteálacha gáis a dhéanamh de réir an chaighdeáin thionsclaíoch riachtanaigh.

Tá gach Feisteoir Cláraithe Gáis á monatóiriú i gcónaí lena chinntiú go gcomhlíontar Caighdeáin Sábháilteachta Suiteála na hÉireann.

REGISTERED RGI™ GAS INSTALLER

Cad é a tharlaíonn mura mbainim úsáid as Feisteoir Cláraithe Gáis?

Ní féidir le Gréasáin Bhord Gáis cumas feisteora neamhchláraithe a dheimhniú – mar sin, bíonn amhras ag baint lena c(h)umas i leith do choire a shuiteáil, a sheirbhísiú nó a dheisiú go sábháilte.

Má úsáideann tú seirbhísí Feisteoir Gáis Neamhchláraithe, beidh muirear €150 iníoctha le Gréasáin Bhord Gáis, ar mhaithe leis an tseiceáil sábháilteachta cuí is gá a dhéanamh nuair a bheidh do mhéadar gáis á fheistiú.

Cá háit a bhfaighidh mé Feisteoir Cláraithe Gáis?

Ní gá ach glaoch a chur ar Líonraí Bhord Gáis ar 1850 200 694, nó cuairt a thabhairt ar www.bordgais.ie/networks le haghaidh liosta iomlán d'Fheisteoirí Gáis atá cláraithe.